Scéal Dharach

Ar an Máimín a rugadh Darach Ó Catháin sa bhliain 1922. Óna mháthair féin (nár chas riamh ar ardán) a fuair sé formhór na n-amhrán seo. File de phór na bhfilí ab ea Darach, é ag cumadh píosaí beaga d'amhráin ó bhí sé dhá bhliain déag d'aois, abairtí ag stealladh go díreach fileata amach óna chroí.

D'aistrigh a mhuintir, a athair Cóilín agus a mháthair Monica a dheatháireacha: Colm, Pat, John agus Michael a dheirfiúracha: Mary, Kaitín, Monica, Baibín, Nancy, Bríd agus Sarah go Ráth Chairn agus é ina dhéagóir. Chothaigh sé agus neartaigh sé a chuid ceoil i Ráth Chairn. Ba bhuan a chuimhne ar Sheán Ó Coisdealbha, máistir scoile na háite sin agus a bhean Ite a chuir ag an Oireachtas é, áit ar casadh an Riadach air: snadhm charadais domhain a d'eascair ón aithne sin, agus d'fhág sé rian ar an mbeirt acu.

"Thit mé i ngrá nuair a bhí mé an-óg", ar sé; agus phós mé Bríd Ní Chonaire as Rosmuc agus é naoi mbliana déag d'aois. In Éirinn a rugadh an chlann, Bairbre, Colman, Bridie, John, Monica, Ann ach amháin Patrick, an duine is óige a rugadh i Leeds.

Nuair a bhí amhránaí á lorg ag an Riadach dá ghrúpa nua, Ceoltóirí Chualann, thug Riobard Mac Góráin go Ráth Chairn é chun casadh ar Dharach. Chan Darach le Ceoltóirí Chualann ón tús agus bhíodh sé an gclár raidió 'Reacaireacht an Riadaigh'. Eisíodh fadcheirnín den teideal céanna ar a raibh cnuasach den saghas ábhair a bhíodh ar an gclár.

'

Bhí an saol go maith i Ráth Chairn an uair sin', a dúirt sé, ach thosaigh an imirce, agus thug an bóthar air féin. Bhí an-díomá ar an Riadach ina thaobh seo. Chaith Darach na blianta i Leeds "ag obair's ag ól is a déanamh ceoil" D'fhill sé abhaile ó am go ham agus ghlac sé páirt sa cheolchoirm 'Retrospective an Riadaigh' sa Cheoláras Náisiúnta i 1987, an bhliain ar cailleadh é.

Míle fáilte romhat a bheith i láthair i Ráth Chairn ar an deireadh seachtaine speisialta seo ina bhfuil muid ag tabhairt ómós don Amhránaí cáiliúil sean nóis Darach Ó Cathain.

Buíochas ag dul do Choiste Chuimhneacháin Dharach Uí Chatháin as ucht a gcuid oibre chun an Dealbh a thógáil ina onóir agus an Coiste Imeachtaí a reachtáileann an Éigse go bliantúil.

Cuirfidh muid fáilte speisialta roimh Chlann agus gar chlann Dharach atá ag taisteal go Ráth Chairn as Leeds don ócáid

Urraithe ag Ealaín na Gaeltachta

ealaín
EALAÍN NA GAELTACHTA TEORANTA

Comharchumann Ráth Chairn
Ráth Chairn, Áth Buí. Co na Mí

046-9432381
046-9432068

rathcairn@eircom.net
www.rathchairn.om

Comharchumann Ráth Cairn
www.rathcairn.com



"Chuireas aithne ar Dharach ar dtúis i ndeire na gcaogadaí. Duine lámhach uasal ab ea é. Domhsa, is mé óg, bhí sé árd lúthfar luaimneach. Bhí sé igcónaí geannamhail graoiúil agus nuair a osclaíodh sé a bhéal chun amhrán do rá, ba gheall é le pluais mór mealtach lán de bhinneas ceoil is aoibhneas suaithin ag fuaimint inár dtímpeal. Bhí cónaí ar i dtig clothar i Rath Chairn mar a raibh taighleach gaelach le fáilte fial romhainn igcónaí. Bhris sé cúinne dár gcróithe nuair a b'éigin do bailiú leis chun na síorraíochta is d'fhág sé fomhar saibhir cuimhní cinn againne ar a raibh sé de phrimhléid againn aithine do bheith againn air. Níl dabht ná go raibh Darach ar dhuine de mhór amhránaithe sean nóis na fichiú aoise."
Peadar O Riada

Dé hAoine 13ú Deireadh Fómhair

7.30i.n. Aifreann in Eaglais Chuimhneacháin Phádraic Ráth Chairn

8.00i.n. Seisiún Ceoil, Amhráin & Damhsa le CCE Tlachtga & Ceoltóirí áitiúla

9.00i.n. Oscailt Oifigiúil le Séamus Mac Mathúna

10.00 Oíche Cheoil agus Amhránaíochta le Orla & Micheál.

Dé Sathairn 14ú Deireadh Fómhair

Ceardlann Amhránaíochta ar an Sean Nós do dhaoine óga le Nollaig Ní Laoire ín Áras Pobail Ráth Chairn.

2.00-3.00 Daoine Óga faoi 12 bliain d-aois.
3.15-4.15 Daoine Óga faoi 18 bliain d-aois

Ceardlann Damhsa ar an Sean Nós do dhaoine óga le Máirtín Sheáinín Mac Donncha agus Brídóg Ní Chonaire ín Áras Pobail Ráth Chairn.

2.00-3.00 Daoine Óga faoi 18 bliain d-aois.
3.15-4.15 Daoine Óga faoi 12 bliain d-aois

10.00i.n. Oíche Cheoil le John Beag O Flatharta

Féile na Mí

Imeachtaí i Ráth Chairn

Aoine, 17 Samhain 2017 @ 7.30i.n.

Comórtas Amhránaíochta ar an Sean Nós do dhaoine óga Faoi 8, 12, 15 agus 18 bliain d-aois
Faoi 12 Corn Chuimhneacháin Phádraig Uí Dhálaigh
Faoi 18 Corn Chuimhneacháin Mhaggie Tim

Aoine 17 Samhain 2017 @ 9.30i.n.
Comórtas Bodhrán
Corn Chuimhneacháin Martin Kerrane

Satharn 18 Samhain 2017
Comórtas Damhsa ar an Sean Nós
2.00i.n. Daoine Óga
3.30i.n Daoine Fásta
Corn Chuimhneacháin Stiofán Seoighe agus Corn Chuimhneacháin Mhící Mhic Dhonncha.

Satharn 18 Samhain 2017
Comórtas Amhránaíochta ar an Sean Nós do dhaoine fásta
Corn Chuimhneacháin Choil Neáine Pháidín Mac Donncha

Nota beag:
Ma bhíonn aon eolas breise uait is féidir leat glaoch orainn ag 046 9432381-9432068 nó ag rathcairn@eircom.net

ÉIGSE DHARACH UÍ CHATHÁIN



Ráth Chairn

13,14 Deireadh Fómhair 2017